An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government

An Tairseach MTT

Le comhlánú ag an Iarratasóir

Fógra don Tairseach MTT faoin rún iarratas a dhéanamh ar thoiliú forbartha a n-éilítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta ina leith faoi Threoir 2011/92/AE arna leasú le Treoir 2014/52/AE maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol.

Íoslódáil agus comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais í (i dteannta na gceangaltán atá liostaithe thíos) chuig *EIAportal@housing.gov.ie*.

Ní mór gach réimse ag a bhfuil réiltín a chomhlánú.

***Ainm an Iarratasóra:**

***Seoladh ríomhphoist an iarratasóra:**
Chun críche comhfhreagras a dhéanamh. Ní fhoilseofar é sin ar an tairseach MTT.

***Uimhir theileafóin teagmhála:**
Ní fhoilseofar an uimhir sin ar an tairseach MTT.

Teagmhálaí (más difriúil leis an iarratasóir):
Ní fhoilseofar an t-ainm sin, más difriúil le hainm an iarratasóra, ar an tairseach MTT.

***Láthair na forbartha beartaithe:**
Nuair is cuí, ba cheart seoladh sonrach a thabhairt, mar aon le hÉirchód, más ann. I gcás gur mó an seoladh ná an spás atá curtha ar fáil, ba cheart é a thabhairt i dtéarmaí ginearálta, mar go léireofar an fógra poiblí beartaithe ar an Tairseach MTT chun faisnéis níos cruinne a thabhairt.

***Cur síos ar an bhforbairt bheartaithe:**
I gcás gur mhó an cur síos ar an bhforbairt bheartaithe ná an spás atá curtha ar fáil, ba cheart é a thabhairt i dtéarmaí ginearálta i dteannta faisnéis leordhóthanach chun cabhrú le daoine den phobal a thuiscint cad atá beartaithe. Léireofar an fógra poiblí beartaithe ar an Tairseach MTT chun faisnéis níos cruinne a thabhairt.

***An tÚdarás Inniúil a ndéanfar an t-iarratas chuige:**
Roghnaigh ón liosta anuas
I gcás gur gá duit iarratas a dhéanamh chuig níos mó ná údarás inniúil amháin ar thoiliú forbartha, beidh sé riachtanach fógraí ar leith a thabhairt don Tairseach MTT i leith gach iarratais.

***An bhfuil sé amhlaidh gur forbairt líneach í seo (e.g. bóthar, píblíne, cábla tarchuir)?** *'Tá' nó 'Níl'*
Roghnaigh ón liosta anuas

Deimhnigh na doiciméid atá á gceangal leis an bhfoirm seo agus atá á seoladh ar ais léi chuig
EIAPortal@housing.gov.ie
*(Tabhair faoi deara gurb é **18 MB** an uasmhéid iomlán atá ceadaithe le haghaidh do ríomhphoist agus gach ceangaltáin)*

Cóip inchuardaithe den fhógra poiblí beartaithe (e.g. comhad inchuardaithe PDF): ☐
De ghnáth, is ionann é sin agus an comhad leictreonach a d'ullmhaigh tú lena chur faoi bhráid na nuachtán

Cóip inchuardaithe den léarscáil láithreáin (i bhformáid PDF): ☐

*Deimhnigh go bhfuil an **séanadh** léite agat.*

Deimhním go bhfuil an séanadh léite agam ☐